



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curacláim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Tuarascáil an Chomhairliúcháin ar an gCáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú agus Leasú ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana

Feabhra 2023

An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ	1
CUID A HAON: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN	2
Cur chuige modheolaíoch	2
Freagraí an chomhairliúcháin.....	3
CUID A DÓ: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN	4
Láidreachtaí agus dúshláin a bhaineann leis na <i>Cláir Idirbhliana - Treoirlínte do Scoileanna</i>	4
Raon agus nádúr Ráiteas leasaithe Chlár IB.....	5
Tógáil ar an soláthar reatha	6
Cuspóir, fís, agus treoirphrionsabail le haghaidh athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí.....	8
Leanúnachas agus dul chun cinn.....	9
Ionchuimsiú leantach ón tSraith Shóisearach	10
Scoláirí a chumasú trí chlár na hidirbhliana.....	10
Tacú leis an bhfoghlaim.....	11
Measúnú, tuairisciú agus teastasú.....	12
Conairí éagsúla.....	14
Ról na Gairmthreorach	14
Réimsí eile plé	15
CUID A TRÍ: PRÍOMHTHORTHAÍ D'ATHFHORBAIRT IB.....	17
CONCLÚID AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE.....	19
TAGAIRTÍ	20
AGUISÍN A	21

Réamhrá

Chun bonn eolais a chur faoin athbhreithniú agus leasú iarteachtach ar [Chláir na hIdirbhliana – Treoirlínte do Scoileanna](#) mar chuid den athfhorbairt níos leithne ar an tsraith shinsearach, rinneadh [Cáipéis Eolais agus Treoir don athbhreithniú agus leasú ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana](#) a fhorbairt. D’fhaomh an Chomhairle an Cháipéis Eolais seo le haghaidh comhairliúcháin ar an 8 Samhain, 2022, agus reáchtáladh an comhairliúchán poiblí ón 10 Samhain go dtí an 22 Nollaig, 2022.

Is é atá sa Cháipéis Eolais ná forléargas ar an gcomhthéacs reatha atá le hathbhreithniú agus athfhorbairt *Chláir na hIdirbhliana – Treoirlínte do Scoileanna*, arb iad a úsáidtear mar Ráiteas reatha an Chláir Idirbhliana (IB). Tá cuntas ann ar bhunús agus ar fhás chlár na hIdirbhliana agus ar an gcomhthéacs reatha oideachais agus beartais faoina bhfuil an clár fós á fhorbairt. Úsáidtear tuairiscí cigireachta, taighde atá foilsithe agus athbhreithniú scoil-bhunaithe ar an IB le scrúdú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte reatha IB i scoileanna. Tarraingíonn an cháipéis ansin ar rannáin roimhe chun ceisteanna a leagan amach a bhfuiltear le breithniú orthu arb iad ba bhunús leis na ceisteanna comhairliúcháin. Sa rannán deiridh, tá leagtha amach an treoir atá beartaithe le haghaidh fhorbairt Ráiteas leasaithe an Chláir Idirbhliana arb é a threoraíonn obair na Meithle Forbartha.

Ba é aidhm an chomhairliúcháin don Cháipéis Eolais ná tuairimí páirtithe leasmhara a lorg, lena n-áirítear scoláirí agus múinteoirí, d’fhonn obair na Meithle Forbartha a threorú agus iad ag leasú Ráiteas an Chláir Idirbhliana.

Is é atá sa tuarascáil seo ná léargas ar an bpróiseas comhairliúcháin, agus ansin achoimre ar an aiseolas a fuarthas, mar aon le fiosrú ar phríomhthorthaí an chomhairliúcháin d’obair na Meithle Forbartha agus iad ag déanamh dul chun cinn sa phlé maidir le Ráiteas leasaithe Chlár IB.

Cuid a haon: An Próiseas Comhairliúcháin

Is gné lárnach d'obair CNCM é an comhairliúchán, áit a n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna eile oideachais, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle (CNCM, 2022). Sa rannán seo a leanas, tá cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail atá leagtha amach i Straitéis Taighde (2019) CNCM mar bhunús leis agus tá achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

Cur chuige modheolaíoch

Chuimsigh an comhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú agus Leasú ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana modhanna iolracha rannpháirtíochta:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí scríofa
- Cuirteanna scoilbhunaithe d'fhonn tuairimí scoláirí, múinteoirí, comhordaitheoirí IB agus lucht ardbhainistíochta.

Baineadh úsáid as cur chuige féinroghnaithe samplála le haghaidh suirbhéanna ar líne agus le haghaidh aighneachtaí scríofa. Píocadh na scoileanna a roghnaíodh le haghaidh na gcuairteanna comhairliúcháin as measc an liosta bunaidh de scoileanna a d'fhreagair don ghairm oscailte do gach iar-bhunscoil chun spéis a léiriú i rannpháirtíocht san athbhreithniú IB. Ní raibh aon bhaint ag na scoileanna seo san athbhreithniú a réachtáladh chun bonn eolais a chur faoin gCáipéis Eolais. Le haghaidh na gcuairteanna comhairliúcháin, roghnaíodh ceithre scoil go randamach ón liosta.

D'éascaigh an suirbhé ar líne agus na haighneachtaí scríofa bailiú sonraí ó shampla ionadaíoch leathan de fhreagróirí, agus thacaigh na cuairteanna scoile le plé agus fiosrú níos leithne maidir le ceisteanna a bhfuiltear le breithniú orthu, a cuireadh i láthair sa Cháipéis Eolais.

Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán agus lorgaíodh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe cuairte scoile faoi 18 mbliana d'aois. Rinneadh taifeadadh scríofa mionsonraithe de na seisiúin phlé ar fad le linn fócasghrúpaí ar na cuairteanna scoile. Rinneadh na sonraí a bailíodh trí na cuairteanna scoile a anaithnidiú agus a thras-scríobh, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2020). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás inar thug eagraíocht cead soiléir go n-aithneofaí í mar eagraíocht a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán (féach Aguisín A).

Baineadh úsáid as cur chuige téamach don anailís sonraí agus rinneadh é de réir na gceisteanna a bhfuiltear le breithniú orthu faoi mar a leagadh amach sa Cháipéis Eolais. Chabhraigh sé seo an téamaí sna sonraí a bailíodh a aithint agus anailís a dhéanamh orthu. Tá torthaí na hanailíse seo le fáil i gCuid a dó den tuarascáil seo.

Freagraí an chomhairliúcháin

Fuarthas 24 freagra tríd an suirbhé ar líne agus theastaigh ó ocht n-eagraíocht (atá liostaithe in Aguisín A) go n-aithneofaí iad mar eagraíochtaí a d'fhreagair don suirbhé. Tá forléargas ar fhreagróirí an tsuirbhé ar líne le sonrú i dTábla 1.

Tábla 1: Déimeagrafaic na bhfreagróirí¹

Múinteoir iar-bhunscoile (Idirbhliain)	9
Múinteoir iar-bhunscoile (neamh-Idirbhliain)	2
Comhordaitheoir Idirbhliana	5
Príomhoide / Leas-Príomhoide	2
Tuismitheoir/Caomhnóir	3
Oideoir Múinteoirí	1
Oideoir/Taighdeoir tríú leibhéal	2
Eile	3

I measc na bhfreagróirí 'eile', bhí:

- Ionadaithe de chuid comhlachais ghairmiúla
- Ionadaithe de chuid eagraíochtaí deonacha
- Ionadaithe de chuid eagraíochtaí gairmiúla.

Fuarthas ceithre aighneacht scríofa ó pháirtithe agus ó eagraíochtaí leasmhara agus tá siad sin liostaithe in Aguisín A chomh maith.

Thacaigh ceithre scoil le rannpháirtíocht scoláirí sa chomhairliúchán agus reáchtáladh fócasghrúpa amháin i ngach scoil. Reáchtáladh iad seo le scoláirí sa 5^ú bliain go príomha a raibh an IB curtha i gcrích acu, ach bhí líon beag scoláirí Idirbhliana agus scoláirí sa 6^ú bliain páirteach chomh maith. Ghlac 25 scoláire san iomlán páirt i ngné ghuth an scoláire den chomhairliúchán. San iomlán, ghlac 15 mhúinteoir, atá ag teagasc meascán de chroí-ábhair agus de réimsí ábhair roghnacha san IB, páirt i gceithre fhócasghrúpa. De bhreis air sin, ghlac ceathrar comhordaitheoirí IB páirt i gceithre fhócasghrúpa, agus baill den ardbhainistíocht in éineacht leis an mórchuid acu.

¹ Léirigh roinnt freagróirí go raibh siad ag freagairt ó pheirspictíochtaí iolracha, m.sh. tuismitheoir/caomhnóir agus oideoir múinteoirí, rud a mhíniú an neamhréir idir líon iomlán na bhfreagróirí (27) agus líon iomlán na bhfreagairtí (24).

Cuid a Dó: Aiseolas ón gcomhairliúchán

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Díríodh an comhairliúchán ar na láidreachtaí agus na laigí a bhaineann le *Clár na hIdirbhliana – Treoirlínte do Scoileanna (1993)* a fhiosrú, agus mar a chuirtear na treoirlínte seo i bhfeidhm i scoileanna. Ina dhiaidh sin, díríodh ar na ceisteanna a bhfuiltear le breithniú orthu mar atá leagtha amach sa *Cháipéis Eolais agus Treoir don athbhreithniú agus leasú ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana (Igh 23-25)*, mar atá:

- Raon agus nádúr Ráiteas leasaithe Chlár Idirbhliana
- An cuspóir, an fhís, agus na treoirphrionsabail a bhaineann le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí
- Tógáil ar sholáthar reatha IB
- Leanúnachas agus Dul Chun Cinn
- Ionchuimsiú leantach ón tsraith shóisearach
- Scoláirí a chumasú tríd an IB
- Tacú leis an bhfoghlaim
- Measúnú, tuairisciú agus teastasú
- Conairí éagsúla
- Ról na gairmthreorach.

Léirítear réimsí eile nár glacadh comhairle maidir leo ach a shíl an dream a bhí páirteach sa chomhairliúchán a bheith ábhartha d'fhorbairt an ábhair sa chuid seo den tuarascáil freisin.

Láidreachtaí agus dúshláin a bhaineann leis na *Clár Idirbhliana – Treoirlínte do Scoileanna*

Shainnadh rannpháirtithe go leor láidreachtaí atá bainteach leis na treoirlínte reatha agus lena gcur i bhfeidhm, agus tagairt á déanamh go minic don tsolúbthacht agus saoirse a fhaigheann scoileanna mar rud a raibh dearfach faoi leith ag baint leis. Nuair a baineadh feidhm as an tsolúbthacht agus an tsaoirse seo chun scoláirí a fhorbairt ar bhonn iomlánaíoch, i gcomhréir leis na treoirlínte reatha, mheas gach páirtí leasmhar gur tháinig tairbhí suntasacha do phobal na scoile.

‘Tá sé iontach soiléir ó na treoirlínte gur rud scoláire-lárnach í an Idirbhliain. Tá na treoirlínte leathan go leor chun raon a chur ar fáil don oideachasóir chun clár IB uathúil a chruthú cé go bhfuil, san am céanna, treoir shoiléir iontu.’
(Freagairt don suirbhé ar líne, Localise Youth Volunteering)

‘Saoirse do gach scoil chun a clár IB féin a shaincheapadh agus a chruthú nó féadann gach uile scoil a clár a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais a gcohoirt scoláirí féin.’ (Freagairt don suirbhé ar líne, Coláiste Naomh Aindriú, Baile an Bhóthair)

Ar bhonn ginearálta, labhair rannpháirtithe ar an tionchar an-dearfach agus leathan i dtaca le:

- Oideachas agus feasacht gairmthreorach – taithí oibre, scileanna gairme úra, blaiseadh ábhar, aoichainteoirí

- Naisc fheabhsaithe leis an bpobal – le heagraíochtaí agus fostóirí áitiúla agus le hinstiúidí oideachais
- Tacar níos leithne d'eispéiris – rannpháirtíocht sna healaíona, scileanna úra saoil, deiseanna le páirt a ghlacadh in imeachtaí agus i gcomórtais náisiúnta, agus réimse níos leithne de ghníomhaíochtaí fisiceacha
- Braistint muintearais níos doimhne – rannpháirtíocht agus inspreagadh, go háirithe dóibh siúd a bheadh tar éis tarraingt siar nó spéis a chailleadh san fhoghlaim, níos mó úinéireachta i dtaca le tasc agus iompraíocht, caidrimh níos láidre i measc gach duine a bhí bainteach leis an gclár IB.

Nuair a labhair rannpháirtithe ar na laigí a bhaineann leis na treoirlínte reatha, bhí claonadh ann go ndíreofaí ar na dúshláin maidir le cur i bhfeidhm agus ní an oiread céanna ar ábhar na dtreoirlínte féin. Shainaithin rannpháirtithe go raibh go leor den téarmaíocht, na scileanna agus na hábhair a bhí liostaithe as dáta.

'Ní mór é a bheith ag teacht le smaointeoireacht agus beartais reatha áitiúla, náisiúnta agus domhanda.' (Aighneacht i scríbhinn, SGFM)

Bhain an laige is mó a luadh leis na costais bhreise a bhíonn ann do scoileanna chun clár IB a reáchtáil, agus na costais airgeadais ghaolmhara do theaghlach na bpáistí a bhíonn rannpháirteach san IB. I roinnt cásanna, sonraíodh go mbíonn an costas do theaghlach ina bhacainn dháiríre roimh rannpháirtíocht sa chlár. Ar na laigí coitianta eile a luadh, bhí an fheidhm sheachránach a baineadh as saoirse na scoile chun bliain eile den Ardteistiméireacht Bhunaithe a dhéanamh den chlár IB, agus an easpa comhleanúnachais i measc scoileanna i dtaca le réadú chuspóir agus fíis fhoriomlán an chlár IB. Shainaithin rannpháirtithe freisin, mar laigí, an bhraistint gur 'bliain leadaíochta' atá san IB, neamhláithreachas i measc scoláirí de réir mar a théann an bhliain isteach, agus an smaoineamh nach gá glacadh chomh dáiríre céanna leis an IB agus is gá le clár eile.

Ar chuid de na dúshláin a bhaineann níos mó leis an bhfócas neamhacadúil a shamhláítear leis an IB, bhí:

- brú go gcuirfeadh an scoil imeachtaí seach-scoile, amhail turas thar lear, ar fáil
- mí-úsáid an bhlaiste ábhar chun leagan den ábhar a chur ar fáil nach mbeadh ag teacht leis an eispéireas a gheobhadh scoláirí dá roghnóidís staidéar a dhéanamh ar an ábhar don Ardteistiméireacht Bhunaithe
- frustrachas múinteora mar gheall ar scoláirí a bheith as láthair ón rang chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile eile, laistigh den scoil féin
- frustrachas múinteora go ndearcfaí ar neamhláithreachas le linn IB mar rud nach mbeadh chomh tromchúiseach céanna do scoláirí IB i gcomparáid le blianta eile.

Raon agus nádúr Ráiteas leasaithe Chlár IB

Ar bhonn ginearálta, labhair rannpháirtithe ar raon agus nádúr Ráiteas leasaithe Chlár Idirbhliana i gcomhthéacs láidreachtaí an chlár atá ann faoi láthair a choinneáil agus fócas agus béim níos láidre a ionchorprú ar scileanna ba cheart a fhorbairt trí rannpháirtíocht an scoláire agus an scoil tuairisciú a dhéanamh orthu. Is é an tátal ar ar thángthas le linn an chomhairliúcháin gur cheart fíis shoiléir a bheith ag croilár Ráiteas leasaithe an Chlár IB.

'Ní mór...tosaíocht a dhéanamh d'fhealsúnacht na IB lena chinntiú go mbíonn a fíis agus a cuid luachanna intuigthe ag gach uile dhuine.' (Freagairt don suirbhé ar líne, Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí)

Leag rannpháirtithe béim ar an ngá atá le bheith ag leanúint de bheith ag díriú ar fhorbairt fhoriomlán an duine agus, san am céanna forbairt a chuid scileanna acadúla a choimeád. Ar bhonn ginearálta, ar fud na modhanna uile comhairliúcháin, cuireadh an dearcadh in iúl gur cheart go gcuimseofaí, ar a laghad, cuid de na gnéithe seo a leanas i Ráiteas leasaithe an Chláir IB:

- Fócas soiléir ar na cineálacha scileanna a bheadh le forbairt san IB
- Blaiseadh ábhar
- Taithí oibre
- Oideolaíochtaí lena gcuirtear chun cinn foghlaimeoirí féinrialaithe neamhspleácha
- Éagsúlacht de ghníomhaíochtaí agus tionscadail trína gcuirtear chun cinn eispéiris bhríocha pobail agus gairme, agus trína bhforbraítear scileanna digiteacha, deartha, anailíseacha agus cruthaitheacha
- Cur chuige cothrom i leith forbairt iomlánaíoch an scoláire.

Chomh maith leis sin, labhair roinnt rannpháirtithe ar ghnéithe eile ar mheas siad iad a bheith éigeantach i gclár IB: modúil folláine, treoir, ionchuimsiú gach foghlaimeora, agallaimh le scoláirí faoina bhforbairt féin, agus teimpléid tuairiscithe lena n-áireofaí meicníochtaí féinmheastóireachta.

Fud fad an chomhairliúcháin, bhí comhaontú ginearálta ann go bhféadfadh sé gur ghá Ráiteas leasaithe Chláir IB a bheith níos saintreoraí ach, san am céanna, go leanfaí de bheith ag tairiscint solúbthachta agus saoirse i dtaca leis na paraiméadair a leagan amach le haghaidh forbairt curaclaim scoilbhunaithe don IB.

Is é a d'eascair as plé ar nádúr roghnach na rannpháirtíochta san IB, nuair a tháinig ann dó, ná *nuances* a bhí ar an téad chéanna leo sin a cuireadh in iúl sa Cháipéis Eolais amhail freagracht scoileanna i leith scoláirí clár ardéifeachtach a chruthú, costais airgeadais a bhainistiú, agus ceisteanna a bhain le cothromas agus rochtain ar an gclár IB. Labhair rannpháirtithe, go háirithe scoláirí, ar an easpa struis agus imní faoi scrúduithe le linn na IB. Ar a bharr sin, chuir rannpháirtithe in iúl go bhfáiltíonn tuismitheoirí roimh an easpa struis agus imní dá bpáistí. Ar fud na modhanna éagsúla rannpháirtíochta, go háirithe i scoileanna, léiríodh mian go mbeadh sásanna ann a d'éascódh ionchur bríoch ó scoláirí sna modúil a chuirfí ar fáil, agus, freisin, i ngníomhaíochtaí agus modhanna tuairiscithe.

Tógáil ar an soláthar reatha

Léirigh rannpháirtithe dhá dhearcadh faoi leith i dtaca le bheith ag tógáil ar an soláthar reatha: leag dearcadh amháin béim ar an ngá atá le tacaíocht sheachtrach le tógáil ar an soláthar reatha agus dhírigh an dearcadh eile níos mó ar na scoileanna féin a bheith ag tógáil ar an soláthar reatha.

Nuair a phléigh rannpháirtithe an cheist seo ó thaobh na tacaíochta seachtraí de, rinne siad tagairt dá thábhachtaí a bheadh rolladh amach comhordaithe na forbartha gairmiúla leanúnaí.

'Fágfaidh saoirse agus nádúr saincheaptha na hidirbhliana go mbeidh gá le gné shaincheaptha sa tacaíocht amhail cuairteanna tacaíochta scoile agus grúpaí comhoibritheacha ag a mbeadh comhthéacsanna nó dúshláin chomhchosúla, mar chuid de chreat pleanáilte fgl chun tacú leis an ráiteas nua.' (Aighneacht i Scríbhinn, SGFM)

Rinne ceannairí scoile, comhordaitheoirí cláir IB agus múinteoirí go háirithe tagairt do thacaíochtaí do scoileanna i dtaca le bheith ag pleanáil le haghaidh Ráiteas leasaithe Chlár IB, an gá a bheadh le tacaíochtaí foghlama gairmiúla do mhúinteoirí agus soiléire maidir le clár a phleanáil agus a chruthú.

'Tá rannpháirtíocht agus úinéireacht an scoláire tábhachtach. Beidh ar scoláirí, i láthair na huaire agus amach anseo, is cuma cén chuma a bheadh ar Chlár Idirbhliana nua, tacú leis an gclár Idirbhliana. Is sa réimse seo a bheadh an-tábhacht ag baint leis an bhforbairt ghairmiúil le go bhféadfadh múinteoirí breithniú ar mhodhanna éagsúla chun na scoláirí a chumhachtú...' (Aighneacht i Scríbhinn, Líonra Proifisiúnta Múinteoirí IB)

Rinneadh tagairt don tionchar a bhíonn ag cigireachtaí RO ar phróiseas na Féinmheastóireachta Scoile (FMS).

Shainaithin rannpháirtithe an gá a bheadh le tacaíochtaí sorochtana do scoileanna i dtaca le gach gné de chlár IB. Ar an réimse de thacaíochtaí, bhí, áiseanna úra teagaisc, foghlama, measúnaithe agus tuairiscithe, scileanna gairme a fhorbairt agus socrúcháin a fhoinsiú, agus rochtain ar réimse níos leithne de chomhpháirteanna curaclaim, go háirithe iad sin a d'fheabhsódh 'scileanna 21ú haois' na scoláirí. Rinne roinnt rannpháirtithe tagairt do Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí, mar a bhféadann scoláirí píosaí oibre agus croí-thaisc a chur i gcrích laistigh de chreat ginearálta náisiúnta ach a bheadh oiriúnach dá gcuid riachtanas, inniúlachtaí agus comhthéacsanna féin. Luadh MRBanna sa tsraith shóisearach agus Taisc Foghlama Feidhmí i Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta, i dtaca leis seo agus feidhmeanna den chineál céanna acu.

Tugadh faoi deara go dteastaíonn méid suntasach ama chun ról comhordaitheoir IB a chomhlíonadh, agus go bhfágann sé seo go mbíonn gá le laghdú ar líon na n-uaireanta teagmhála ranga do chomhordaitheoir. Thóg roinnt rannpháirtithe ceist na tacaíochta airgeadais méadaithe do scoileanna a bheadh ag reáchtáil cláir IB agus na costais bhainteacha a thagann le heispéiris IB a chur ar fáil. I roinnt cásanna, bhraith rannpháirtithe gur cheart an tacaíocht airgeadais a lua go sonrach i Ráiteas leasaithe Chlár IB. Nuair a phléigh rannpháirtithe an cheist seo i gcomhthéacs na scoileanna a bheith ag tógáil ar chlár IB reatha, labhair siad ar chur chuige uile-scoile a d'aistreadh cláir IB chuig spás an chleachtais éifeachtaigh, cosúil leis an spás a bhfuil cur síos air i gcuid 4 den Cháipéis Eolais don athbhreithniú agus leasú ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana.

Labhair roinnt rannpháirtithe ar an tábhacht atá le fíis shoiléir lena chur ar chumas scoileanna tógáil ar an soláthar reatha agus clár ionchuimsitheach a chruthú mar a mbeadh a oiread éagsúlachta agus ab fhéidir ag baint le cláir IB, rud a chuirfeadh leis na deiseanna a bheadh ar fáil do scoláirí.

I roinnt mhaith cásanna le linn an chomhairliúcháin, tháinig an gá a bheadh le gnéithe den fhócas acadúil foirmiúil ón tsraith shóisearach a choimeád chun cinn.

'Níos mó struchtúir don Mhata, Béarla agus Gaeilge. Bheadh sé deas dá mbeadh an tsaoirse ann fós cur isteach ar chomórtais srl. ach fios a bheith againn gur gá x, y, agus z a chlúdach.' (Freagairt don suirbhé ar líne, múinteoir IB iarbhunscolaíochta)

Rinne roinnt rannpháirtithe tagairt dá thábhachtaí a bheadh sé an clár IB a bheith ag díriú ar scileanna agus forbairt an duine agus go mbeadh soiléireacht ann faoin gcaidreamh idir an IB sa tsraith shinsearach agus cláir iartheachtacha Ardteistiméireachta sa tsraith shinsearach.

'Tá gá le gné éigin den fhoirmiúlacht a bheith ann...é seo a chur i gcuimhne do scoláirí agus cloí le próiseas agus disciplín na foghlama – tá sé deacair filleadh ar an bhfoghlaim tar éis duit céim a ghlacadh ar shiúl uaithi ar feadh tamaill – go fiú mar fhoghlaimeoir fásta.' (Freagairt ar an suirbhé ar líne, tuismitheoir/caomhnóir)

Tógadh tacaíocht agus rannpháirtíocht ó mhúinteoirí ar fud na scoile, tacaíocht ó thuismitheoirí agus ionchais shoiléire i dtaca le fíis agus cuspóir na hIdirbhliana mar thosca eile a bhí de dhíth chun tógáil ar sholáthar an chlár reatha IB.

Cuspóir, fíis, agus treoirphrionsabail le haghaidh athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

Bhí comhaontú leathan ann go bhféadfadh an IB an raon agus an tsolúbthacht ba ghá a chur ar fáil chun tacú le réadú an chuspóra a bheadh ag sraith shinsearach athfhorbartha. Ba mhínic aiseolas ó rannpháirtithe a bheith ag teacht leis na smaointe a tuairiscíodh faoi cheanntaidil eile sa rannán seo. Mar shampla, labhair rannpháirtithe ar fhorbairt phearsanta na scoláirí agus deiseanna chun na scileanna a fhorbairt a bheadh ag teastáil le haghaidh staidéar acadúil agus obair phraiticiúil/thionscadail, scileanna saoil, caidrimh a láimhseáil agus folláine scoláire. Bhí aitheantas ann freisin do luach na taithí oibre agus an rannpháirteachais scoláirí le réimse leathan de ghníomhaíochtaí mar ghnéithe de chlár IB.

Tugadh faoi deara go mbíonn go leor gnéithe den IB ag teacht níos mó leis an gCreat don tSraith Shóisearach seachas le heispéiris na sraithe sinsearaí reatha. Bhí comhaontú ann, áfach, go mbíonn na gnéithe seo ag teacht leis an gcuspóir, an fhíis, agus na treoirphrionsabail a bheadh ag sraith shinsearach athfhorbartha mar atá leagtha amach sa Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022).

Nuair a labhair rannpháirtithe go díreach ar an gcuspóir, an fhíis agus na treoirphrionsabail le haghaidh athfhorbairt na sraithe sinsearaí, ba mhínic a bhain an t-aiseolas leis an bhféidearthacht go mbeadh Ráiteas Chlár IB ailínithe leis, mar shampla, na treoirphrionsabail:

'm.sh. a thábhachtaí atá sé Folláine, Foghlaim le foghlaim, Foghlaim don saol, rannpháirtíocht agus saoránacht, timpeallacht foghlama agus comhpháirtíochtaí a chur san áireamh.' (Aighneacht i Scríbhinn, SFGM)

Rinneadh plé ar chumhacht chlaochlaitheach na IB agus rinne scoláirí, go háirithe, plé uirthi le linn cuairteanna scoile, i gcomhthéacs na forbartha pearsanta dearfaí, caidrimh níos fearr agus ullmhacht mhéadaithe le haghaidh cláir Ardteistiméireachta. Rinne múinteoirí plé uirthi freisin i roinnt suíomhanna scoile. Ba mhúinteoirí iad seo a fuair taithí ar an IB agus iad ina scoláirí agus ar léiriú iad anois ar phrionsabal na foghlama ar feadh an tsaoil agus foghlaim le foghlaim i gcomhthéacs a saoil oibre féin.

Sna cásanna inar labhair rannpháirtithe ar phunanna (digiteacha nó fisiceacha), moladh go mb'fhéidir go bhféadfadh Ráiteas leasaithe Chlár IB níos mó treorach agus comhairle a sholáthar i dtaca le struchtúr na bpunann scoláire.

Leanúnachas agus dul chun cinn

Rinneadh plé ar an gceist seo ó thaobh scoláirí de a bheadh ag aistriú ón tsraith shóisearach agus ó thaobh leanúnachas agus dul chun cinn de *isteach* sa chuid eile den tsraith shinsearach agus lastall di.

'Ba thrua dá dtiocfadh deireadh leis an bhforbairt scileanna sa tSraith Shóisearach.'
(Cuairt scoile, fócasghrúpa múinteoirí)

Nuair a labhair rannpháirtithe ar leanúnachas agus dul chun cinn ón tsraith shóisearach, bhí gaol suntasach idir a bhfreagraí agus an tuairim a bhí acu ar an tsraith shóisearach agus a dtaithí ar an gCreat don tSraith Shóisearach. Phléigh roinnt rannpháirtithe na ceangail láidre idir an tsraith shóisearach agus an IB i dtaca leis na luachanna agus scileanna tacaíochta a fhorbraítear - luadh sonraíocht Eolaíochta na Sraithe Sóisearaí agus MRB1 (Cumarsáid Labhartha) sa Bhéarla sa chomhthéacs seo. Bhraith na rannpháirtithe seo gur gá príomhscileanna na sraithe sóisearaí, go háirithe iad sin a bhaineann le MRBanna, agus úsáid na gcritéar ratha i seomra ranga na IB, mar shampla, a shíneadh agus a bhreisiú i Ráiteas leasaithe Chlár IB. Sa chomhthéacs seo, chuirfí fáilte i Ráiteas leasaithe Chlár IB roimh theimpléid mholta chun tacú le pleanáil éifeachtach don IB agus treoir i dtaca leis na cleachtais is dóchúla a réadódh an fhís, na haidhmeanna agus an réasúnaíocht.

Bhraith rannpháirtithe eile go raibh barraíocht oscailteachta agus débhríochta agus easpa doimhneachta ann i dtaca leis an eolas, na scileanna agus na luachanna a fhorbraítear sa tsraith shóisearach agus, dá réir, ba mhinice a dhearc na rannpháirtithe seo ar an IB i gcomhthéacs na n-easnamh a charntar sa tsraith shóisearach agus mar is féidir an bhearna ón tsraith shóisearach *isteach* sa tsraith shinsearach a dhruidim.

'Rinneadh athbhreithniú ar an tsraith shóisearach, is rud traidisiúnta fós í an tsraith shinsearach, luíonn an idirbhliain idir an bheirt.' (Cuairt scoile, fócasghrúpa múinteoirí)

Ba mhinic a spreag plé ar 'Leanúnachas agus dul chun cinn' le linn an chomhairliúcháin díospóireacht i dtaca leis an gciall atá leis an bhfocal '*transition*' nó *aistriú*, i dteideal Béarla na hIdirbhliana (*Transition Year*). I suíomh amháin, breathnaíodh ar an IB mar dheis do scoláirí chun athléimneacht a fhorbairt, grúpaí nua cairde a chruthú agus glacadh le cuid mhór dúshlán nua. Nuair a breathnaíodh ar an IB mar aistriú *isteach* sa tsraith shinsearach, chonacthas do roinnt rannpháirtithe go raibh neamhréir idir luachanna agus scileanna na sraithe sóisearaí agus an tsraith shinsearach reatha. Ba mhinic a d'fhorbair rannpháirtithe an pointe seo trína fhiafraí cé acu ba

cheart an tsraith shinsearach trí chéile a athfhorbairt ar bhealach níos comhtháite seachas Ráiteas Chlár IB a athfhorbairt roimh ré. Níor tháinig dul chun cinn chuig conairí eile aníos le linn na gcomhairliúchán ar an gceist seo agus ba mhíne a ndearnadh plé orthu seo faoi cheisteanna eile a rabhtas le breithniú orthu amhail ról na gairmthreorach agus conairí éagsúla.

Ionchuimsiú leantach ón tSraith Shóisearach

Bhain an cheist seo leis an gcaoi ab fhearr a bhféadfaí tacú le scoláirí a bheadh ag dul chun cinn ó Chlár Foghlama Leibhéal 1 (CFL1nna) nó Clár Foghlama Leibhéal 2 (CFL2nna) ag an tsraith shóisearach trí Ráiteas leasaithe Chlár IB. Bhí an taithí ar CFL1nna agus CFL2nna a sholáthar teoranta i gcuid de na suíomhanna scoilbhunaithe níor eascair, den chuid is mó, freagairtí mionsonracha ar bith bunaithe ar thaithí as an gcomhairliúchán.

Thug na rannpháirtithe a raibh taithí acu ar na cláir foghlama seo le tuiscint go gcabhródh saoirse agus solúbthacht na gclár IB chun ionchuimsiú leantach na scoláirí ó CFL1nna agus CFL2nna a chinntiú, agus tacaíocht acu ó leibhéal iomchuí de chomhordú leis an bhfoireann Oideachais Speisialta. Rinne roinnt rannpháirtithe tagairt freisin do théama a bhí cosúil le téama an rannáin roimhe seo ar leanúnachas agus dul chun cinn ón tsraith shóisearach.

'Faoi láthair, níl aon chúrsa Leibhéal 1 ná 2 ann ag an tSraith Shinsearach agus tá sé deacair a shamhlú cén chuma a bheadh ar an mbearna a dhruidim nuair nach bhfuil sé soiléir cén chuma a bheadh ar chúrsa leibhéal 1 agus 2 na sraithe sinsearaí.' (Aighneacht i Scríbhinn, SFGM)

Scoláirí a chumasú trí chlár na hidirbhliana

Ar an téad chéanna leis na freagairtí faoin gceist a bhain leis an gcuispóir, an fhís agus na treoirphrionsabail le haghaidh sraith shinsearach athfhorbartha, bhí sé deacair ag rannpháirtithe dul i ngleic leis an gceist seo mar gur bhain sí go sonrach le léitheoireacht chúlra ar na straitéisí oideachais éagsúla a bhfuil tagairt ann dóibh sa cháipéis eolais. Phléigh rannpháirtithe mar sin de, den chuid is mó, leis an gceist seo as a luach féin i dtaca le cumhachtú scoláirí tríd an IB. Bhí cosúlachtaí idir go leor de na freagairtí agus freagairtí na rannpháirtithe ar cheisteanna leathana eile amhail leanúnachas agus dul chun cinn, agus an raon agus an nádúr a bheadh ag Ráiteas leasaithe Chlár IB.

'Ba cheart go mbeifí in ann, leis an Idirbhliain, na dálaí a chruthú faoina mbeadh scoláirí in ann an mhuinín a fhorbairt chun tabhairt faoi réimsí foghlama lasmuigh dá gcrios compoird ar bhonn leanúnach.' (Aighneacht i Scríbhinn, Líonra Proifisiúnta Múinteoirí IB)

Dhírigh freagairtí na rannpháirtithe ar scoláirí a chumhachtú le scileanna agus meonta amhail comhoibriú, cruthaitheacht, fadhbréiteach, comhbhá, féinfheasacht, freagracht as a bhfoghlaim féin agus astu féin, agus a chinntiú go mbíonn leanúnachas agus dul chun cinn ann ón tsraith shóisearach i dtaca leis na scileanna seo a fhorbairt. Mar shampla, ba mhíne a moladh ionchorprú na ngnéithe digiteacha ar fud clár IB chun scileanna digiteacha a leabú agus a fheabhsú.

'Ba cheart an inniúlacht dhigiteach a chomhtháthú i ngach ceann de shnáithí na hIdirbhliana. D'fhéadfaí inniúlacht dhigiteach na scoláirí a fhorbairt freisin trí obair thionscadail agus punanna digiteacha. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé tairbheach freisin cúrsaí amhail Teastasú Idirnáisiúnta na hInniúlachta Digítí (ICDL) a chur i gcrích agus a bheith rannpháirteach i dtionscadail.' (Aighneacht i Scríbhinn, SFGM)

Sa seomra ranga, breathnaíodh ar oideolaíochtaí iomchuí mar chumasóir bunriachtanach chun scoláirí a chumhachtú agus chun timpeallacht oiriúnach a chruthú faoina bhféadfadh na scileanna seo bláthú. De bhreis ar na freagairtí roimhe, rinneadh tagairt anseo do thionchar an ionchuir scoláire, rud a léirigh macalla den chomhphlé faoi cheist an mheasúnaithe, an tuairiscithe agus an teastasaithe. Ar na réimsí sainiúla a luaigh idir scoláirí agus mhúinteoirí sa chomhthéacs seo, bhí modúil san inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide, inniúlacht dhigiteach agus scileanna códaithe, tionscadail fiontraíochta amhail mionchomhlacht, scileanna agallaimh, agus ullmhúchán gairme go háirithe maidir le CVanna scoláirí a fhorbairt agus a scríobh. Luadh an próiseas FMS arís mar shamhail éifeachtach de chumarsáid bhreistithe le scoláirí agus tuismitheoirí, go háirithe maidir le meastóireacht cláir laistigh den scoil.

Tacú leis an bhfoghlaim

Labhair rannpháirtithe ar fud an chomhairliúcháin ar chuir chuige oideolaíochta a bheadh ag teacht leis na cineálacha cur chuige a bhíonn ag teastáil chun scoláirí a chumhachtú san IB.

'Tá sé tábhachtach réimse de chuir chuige oideolaíochta a sholáthar lena gcothófaí foghlaim ghníomhach, foghlaim ar bhonn fiosraithe agus, ar an rud is tábhachtaí, foghlaim neamhspleách nó foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol.' (Aighneacht i Scríbhinn, SFGM)

Thug rannpháirtithe le tuiscint gur fearr a éascaítear féintreorú agus scileanna foghlama neamhspleáiche trí thaisc oscailte agus deiseanna eispéireasacha, agus measúnú foirmitheach agus cleachtas machnamhach i measc scoláirí agus oideachasóirí ag tacú leo. Ar shamplaí de thaisc oscailte agus deiseanna foghlama eispéireasacha a tugadh le linn an chomhairliúcháin, bhí: obair thionscadail mar chuid de na comhpháirteanna curaclaim, rannpháirteachas le comórtais nó eagraíochtaí náisiúnta amhail Sci-fest, díospóireacht Concern, Junk Kouture, Eolaí Óg, Nuálaithe Sóisialta Óga, Gaisce agus comórtais fiontraíochta, taibhiú sna healaíona, dráma nó ceoldráma na scoile go háirithe, forbairt scileanna gairme, agus rannpháirteachas le haoichainteoirí agus ceardlanna.

'Trí ghníomhú a dhéanamh chun a smaoineamh a aistriú ina réiteach inoibrithe, faigheann rannpháirtithe taithí ar shaol na ndaoine fásta, planáil tionscadail, pitseáil a dhéanamh le haghaidh tacaíocht airgeadais, comhoibriú le piaraí agus saineolaithe, abhcóideacht agus feachtasaíocht.' (Aighneacht i Scríbhinn, Nuálaithe Óga Sóisialta)

Ar fud an chomhairliúcháin, tugadh le tuiscint go n-éilíonn réimse na n-inniúlachtaí scoláire san IB réimse de chuir chuige oideolaíochta. Sa chomhthéacs seo, labhair rannpháirtithe freisin ar an idirdhealú, Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim, úsáid leantach na gcritéar ratha san fhoghlaim agus measúnú, saoirse ghairmiúil le triail a bhaint as cuir chuige úra agus eispéiris foghlama bharántúla

do scoláirí arna n-éascú trí athbhreithnithe tomhaiste, ag múinteoirí agus comhordaitheoirí IB, ar chomhdhéanamh na ngrúpaí scoláirí.

D'fhág an tsaoirse churaclaim a thagann leis an IB gur labhair scoileanna ar a bheith ag tacú leis an bhfoghlaim thar go leor de na ceisteanna a bhfuiltear le breithniú orthu, go háirithe measúnú, tuairisciú agus teastasú, agus leanúnachas agus dul chun cinn. Ba mhinic a rinneadh tagairt do phunanna scoláire nó tacaíochtaí inbhraite comhchosúla, mar chumasóir don chleachtas machnamhach éifeachtach.

Measúnú, tuairisciú agus teastasú

Cuireadh réimse de dhearthaí in iúl i dtaca leis an gcur chuige ar cheart glacadh leis i dtaca le measúnú, tuairisciú agus teastasú na IB, ach bhí comhaontú ann i dtaca leis an ngá atá le bealach a aimsiú chun fás agus forbairt na scoláirí agus na scileanna agus an fhoghlaim a shealbhaítear trí rannpháirtíocht sa chlár IB a aithint. Ba mhinic rannpháirtithe ag aontú gur cheart an measúnú agus an tuairisciú a bheith ag teacht le fíis chomhaontaithe IB athfhorbartha agus nár cheart an teastasú, más ann dó, a bheith mar chuid d'Ardeistiméireacht fhoriomlán. Ar na nithe a bhí le sonrú mar chuid d'éagsúlacht na bhfreagairtí don suirbhé ar líne:

'Tá an Teastasú Foirmeálta ón Roinn Oideachais éigeantach, agus tagairt chúramach ann do gach scil ábhartha a d'fhoghlaimfeofaí le linn an tsocrúcháin oibre.' (Freagairt don suirbhé ar líne)

'Gníomh fritorthúil is ea an róthuairisciú le linn na hldirbhliana. Is fearr teastais a bhronnadh ag deireadh na bliana.' (ibid)

'Ní mór go gcoinneodh scoileanna a neamhspleáchas i dtaca le measúnú agus tuairisciú a bheadh oiriúnach do chomhthéacs na scoile féin.' (ibid)

I dtaca le bheith ag bailiú fianaise den fhoghlaim sa seomra ranga, tháinig réimse de mholtaí isteach, ó theisteanna rialta scríofa go dtí punanna scoláire lena ndéanfaí machnamh ar chroí-fhoghlaim agus freagracht an scoláire as an bhfoghlaim go dtí an gá a bheadh le réimse de chuir chuige i leith an mheasúnaithe a bheadh ag teacht leis an réimse de chuir chuige oideolaíochta. Sna cásanna inar labhair rannpháirtithe ar phunanna (digiteacha nó fisiceacha), moladh go mb'fhéidir go bhféadfadh Ráiteas leasaithe Chlár IB níos mó treorach agus comhairle a sholáthar i dtaca le struchtúr na bpunann scoláire. Labhair scoileanna ar úsáid mhéadaitheach na dteicnící measúnaithe foirmithigh agus an gá go ndéanfaí taifead, leis an measúnú, ar 'eolas acadúil' agus 'scileanna praiticiúla' mar chuid den phróiseas teagasc agus foghlama. I dtaca leis seo, tugadh le tuiscint gur féidir ról a bheith ag critéir ratha chun cur chuige níos doichte a chur ar fáil i dtaca le teagasc, foghlaim agus measúnú na modúl.

Le linn na gcuairteanna scoile a rinneadh mar chuid den chomhairliúchán, aithníodh an tábhacht atá le hionchur an scoláire sna gnéithe measúnaithe agus tuairiscithe den IB. Cuireadh an cheist freisin i dtaca le bailiú sonraí agus fianaise lena léiriú go bhfuil scoláirí tar éis forbairt agus chun cinn níos fearr a éascú i dtaca le cláir IB amach anseo, rud as ar eascair moltaí amhail:

'[a] Samhail réadúil sholúbtha chun feabhsúchán an scoláire a léiriú.'
(Comhairliúchán scoil-bhunaithe, fócasghrúpa Chomhordaitheoir IB agus lucht ardbhainistíochta)

Labhair bunús na rannpháirtithe, thar gach modh rannpháirtíochta, ar an ngá atá le tuairisciú a dhéanamh ar fhorbairt níos leithne an scoláire. Rinneadh plé ar an deacracht shuntasach a bhaineann le scileanna sóisialta nó comhbhá mhéadaithe a chainníochtú i roinnt suíomhanna scoile, mar shampla, go háirithe trí struchtúir níos traidisiúnta tuairiscithe, a bheadh faoi stiúir an mhúinteora. Chuir roinnt rannpháirtithe in iúl gur cheart bheith faichilleach ar an róthuirisciú san IB, nó bheadh an fhéidearthacht ann go gcuirfí as d'éifeachtacht an chláir féin. Labhair múinteoirí, comhairleoirí teorach agus scoláirí, go háirithe, ar thionchar dearfach na n-agallamh, ar minic baint acu le socrú spriocanna agus le hinneachar na bpunann, mar bhealach le dul chun cinn a léiriú. Measadh gur rud tábhachtach é an tuairisciú trí thuiriscíní, amhail na cinn a úsáidtear sa tsraith shóisearach nó i gClár na hArdteistiméireachta Feidhmí, chun gnóthachtáil an scoláire a aithint ach freisin, as siocair é a bheith ag teacht le héiteas na IB, murab ionann agus úsáid na ngrád, mar shampla.

Tháinig an teastasú chun cinn mar rud a mbeadh buntáistí agus míbhuntáistí ag baint leis. D'fhéadfaí a rá go gcuirfeadh sé luach agus stádas leis an gclár IB ach d'fhéadfaí a rá go dtiocfadh leibhéal éigin de shrianta agus den strus a bhaineann le teastasú oifigiúil leis.

'Tá gá le tuairisciú i bhfad níos doichte chun na caighdeáin níos airde atá ag teastáil in IB leasaithe a léiriú. Bheadh gá le caighdeánú ar fud na tíre.' (Freagairt don suirbhé ar líne, Príomhoide/Leas-Phríomhoide)

'Baineann buntáistí le córas náisiúnta teastasaithe, ach chuirfeadh beart dá leithéid as do shaoirse na scoile.' (Freagairt don suirbhé ar líne, múinteoir iar-bhunscoile IB)

Labhair rannpháirtithe, go háirithe le linn na gcuairteanna scoile, ar thionchar agus iontaofacht an teastasaithe sheachtraigh a bhaineann le modúil áirithe, amhail Garchabhair nó Teastasú Idirnáisiúnta na hInniúlachta Digití (ICDL). Is minic stádas níos airde a bheith ag baint leis an gcineál seo teastasaithe i measc scoláirí agus tuismitheoirí. Luadh go minic go bhféadfaí cineál teastasaithe san IB a bheadh cosúil le Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí, a fhiosrú. Is minice a luadh é seo i gcomhthéacs na caoi a bhféadfaí é a úsáid le tuairisciú a dhéanamh ar réimsí eile foghlama agus a úsáidí a bheadh sé do scoláirí arbh fhéidir gurbh í an Idirbhliain an bhliain dheireanach den oideachas iar-bhunscoile acu.

Bíonn meas ag idir scoláirí agus tuismitheoirí ar Theastas de chuid na Roinne Oideachais – pé acu fiúntach nó gan fiúntas é. (Cuart scoile, fócasghrúpa múinteoirí)

Nuair a fiafraíodh de rannpháirtithe le linn na gcuairteanna scoile faoi na heilimintí a measann siad iad a bheith éigeantach i dtuairisc IB, ba mhínic a rinne siad tagairt siar don fhreagra a thug siad i dtaca le nádúr agus raon Ráiteas leasaithe Clár IB. Arís eile, rinneadh tagairt go minic d'ionchur ó scoláirí sa phróiseas tuairiscithe nó teastasaithe mar ghné tábhachtach de chláir IB. Labhair roinnt rannpháirtithe freisin ar chóras creidmheas-bhunaithe i scoileanna agus ar leibhéal éagsúla de chomhordú idir gach comhpháirt churaclaim as a ndéantar clár IB.

Conairí éagsúla

Bhí claonadh ann i measc rannpháirtithe ar fud an chomhairliúcháin gur bhreathnaigh siad ar IB mar dheis chun feasacht a ardú i measc scoláirí ar chonairí todhchaí níos éagsúla. Ba mhínic nasc idir an gá a braitheadh a bheith le conairí níos éagsúla, seachas conairí tríú leibhéal, agus suíomh socheacnamaíoch na scoile.

Luaigh scoileanna samplaí de chásanna inar tugadh deiseanna do scoláirí chun cur lena bhfeasacht ar chonairí éagsúla amhail:

- blaiseadh ábhar, socrúcháin taithí oibre éagsúla agus socrúcháin phobail
- soláthar struchtúrtha gairmthreorach de réir acmhainní na scoile
- aoichainteoirí gairmthreorach nuair is minic inscne amháin nó grúpa socheacnamaíoch amháin a bheith i réim.

Cuireadh seó bóthair printíseachtaí ar bun i suíomh scoile amháin, agus thug scoil eile cuntas ar an gcaoi a leanann siad de bheith ag baint feidhm as áiseanna ar líne chun scoláirí a chur ar an eolas faoi chonairí éagsúla, amhail Ibec nó careersportal.ie, mar shampla.

Le linn cuairt scoile amháin, dúirt scoláirí gur chabhraigh taithí ar an mblaiseadh ábhar agus taithí oibre le linn na hidirbhliana leo a gcuid uailmhianta a shoiléiriú, ní hamháin i dtaca leis na hábhair a roghnóidís lena staidéar tar éis na hidirbhliana, ach i dtaca leis an gconair ghairme a roghnóidís. I gcás scoláirí eile, chabhraigh an taithí seo leo ábhair nó roghanna gairme áirithe a chur as an áireamh. I ngach cás, d'aithin na scoláirí a thábhachtaí a bhí sé go mbeadh an IB insroichte ag gach scoláire le go bhféadfadh sé nó sí triail a bhaint as ábhair úra, lena n-áirítear ábhair nach ndearna siad staidéar orthu mar chuid den tsraith shóisearach ach a d'fhéadfaidís a roghnú sa tsraith shinsearach.

Labhair scoileanna go minic ar na deacrachtaí a bhain le naisc a chruthú le soláthróirí Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) nó údaráis Ardoideachais ar bhealaí inbhuanaithe cost-éifeachtúla. Luadh, sa chomhthéacs seo, modúil a chruthú lena n-aibhseofaí conairí i dtreo BOO agus lena bhforbrófaí feasacht ar na conairí seo. Luaigh roinnt rannpháirtithe freisin na deacrachtaí a bhaineann le líonta leorga d'fhostóirí a mhealladh chun cláir IB a chur ar fáil agus dúirt go mbeadh bunachar sonraí lárnach do scoileanna, amhail careersportal.ie, úsáideach i dtaca leis seo. Tugadh le tuiscint freisin go bhféadfaí conairí atá ann cheana a leathnú trí, mar shampla, deiseanna struchtúrtha taithí oibre trí mheán na Gaeilge.

Tugadh le fios go bhféadfadh sé go mbeadh sé úsáideach feidhm a bhaint as cáipéis ECFE (2021) ar Ullmhacht Ghairme Déagóirí chun ullmhacht ghairme le haghaidh gairmchonairí éagsúla a chur i láthair agus go bhféadfaí conairí atá ann cheana a leathnú trí, mar shampla, deiseanna struchtúrtha taithí oibre trí mheán na Gaeilge.

Ról na Gairmthreorach

Bhí sé de chlaonadh ag rannpháirtithe breathnú ar an ngairmthreoir mar fhothacar de threoir agus soláthar gairme níos leithne. Breathnaíodh ar ról an treoirchomhairleora sa chomhairliúchán níos leithne mar chrann seasta sa ghné seo den IB, in éineacht le gnéithe eile amhail taithí oibre agus

ullmhúchán gairmiúil, blaiseadh ábhar agus roghnú na n-ábhar sa todhchaí, agus na deiseanna éagsúla do scoláirí a bhfuil cuntas orthu i rannán na gconairí éagsúla.

Le linn na gcuartheanna scoile, tuairiscíodh go mbíonn an ghairmthreoir a soláthraíonn an treoirchomhairleoir ag brath cuid mhór ar na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Is féidir an saineolas a mbaineann an treoirchomhairleoir leas as a chur ar fáil ar éagsúlacht de shlite ó uaireanta ar an gclár ama seachtainiúil go dtí tacaíocht dhírthe, lena n-áireofaí measúnuithe ar oiriúnacht scoláirí do ghairmréimeanna éagsúla a chuirfeadh eagrás seachtrach ar fáil. Measadh ar bhonn ginearálta gur cuid éigeantach de Ráiteas leasaithe Chlár IB í úsáid éifeachtach na gairmthreorach, agus roinnt scoileanna ag cur ar fáil gairmthreoir IB mar fhothacar de phlean comhordaithe gairmthreorach ar feadh na sraithe sinsearaí.

Thar gach modh comhairliúchán, bhí comhaontú ann go raibh tábhacht ag baint le naisc (níos láidre a fhorbairt idir an scoil agus an pobal áitiúil mar aon le deiseanna le bheith rannpháirteach i bhfoghlaim lasmuigh den scoil agus conairí foghlama éagsúla a fhiosrú i dtreo an bhreisoideachais agus na hoiliúna agus an ardoideachais, agus gur fiú breithniú ar na nithe seo.

‘Tá an ‘fhoghlaim trí dhéanamh’ agus tú féin a fheiceáil mar bhall luachmhar den phobal áitiúil rithábhachtach i dtaca le gníomhú an scoláire (a fhorbairt)’ (Freagairt suirbhé ar líne, Oideachasóir/taighdeoir tríú leibhéal agus tuismitheoir)

Ní raibh aon chomhaontú ann i dtaca le cé acu ba cheart nó nár cheart do scoláirí tabhairt faoi thaithí oibre lá amháin sa tseachtain nó de réir bloic de sheachtainí. Tháinig tuairimíocht chun cinn le linn na gcuartheanna scoile go mbeadh 1 seachtain róghairid agus 6 seachtaine ag imeall an raoin a measfaí é a bheith praiticiúil le haghaidh taithí oibre bhríoch ina bloic. Is é an comhaontú a bhí ann i measc rannpháirtithe gur cheart scoláirí a spreagadh chun taithí a fháil ar réimse chomh héagsúil agus is féidir de shocrúcháin d’fhonn a gcuid roghanna iarteachtacha a threorú maidir leis na conairí todhchaí a roghnóidís nó nach roghnóidís.

Réimsí eile plé

I gcuid mhaith scoileanna, bhí faitíos ann, ar mhúinteoirí go háirithe, i dtaca leis na hiarmhairtí féideartha diúltacha a thiocfadh le scoláirí a bheith ag tabhairt faoi pháipéar 1 i mBéarla agus i nGaeilge na hArdteistiméireachta sa 5^ú bliain ó mhí Mheán Fómhair 2023 i leith. Tá scoileanna ag tuairisciú coigeartuithe cheana ar na comhpháirteanna ábhartha san IB chun scoláirí a ullmhú do dhúshláin agus scileanna úra sna hábhair seo nuair a aistroidh scoláirí isteach sa 5^ú bliain.

Ba mhinic aiseolas le linn cuairteanna scoile ag díriú ar an ngá go dtuigfeadh agus go n-aithneodh tuismitheoirí go bhfuil an fhoghlaim san IB difriúil agus cé go n-ullmhaíonn sí scoláirí don 5^ú bliain, ní hé seo an t-aon chuspóir amháin atá léi. Braitheadh gur gá do thuismitheoirí tacú níos mó leis an bhfoghlaim a tharlaíonn san IB agus leis an bhforbairt agus an aibíocht a shealbhaíonn scoláirí trí rannpháirtíocht san IB, rud ar dócha nach mbeadh sé sealbhaithe acu trí, mar shampla, iontráil dhíreach isteach i gClár na hArdteistiméireachta Bunaithe. Dinimic spéisiúil úr sa chomhthéacs seo is ea an fás atá ag teacht ar líon na dtuismitheoirí a bhféadfadh sé taithí a bheith faighte acu féin ar an IB mar scoláirí.

Tógadh ceist maidir le próifíl aoise na scoláirí. Agus an scolaíocht fhoirmeálta ag tosú ag aois níos sine, is féidir go mbeadh scoláirí idir 15 agus 17 mbliana d’aois agus ag tabhairt faoi chlár IB. Agus

é ailínithe lena dtaithe ar obair pháirtaimseartha agus rannpháirteachas le daoine fásta, tógadh é mar chomhthéacs athraithe ón am ar foilsíodh na treoirlínte roimhe seo.

Cuid a Trí: Príomhthorthaí d'athfhorbairt IB

Leiríonn torthaí an chomhairliúcháin go bhfáiltítear roimh athfhorbairt Ráiteas an Chláir Idirbhliana, go bhfuil sí tráthúil, agus go dtugann an Cháipéis Eolais agus Treoir don athbhreithniú ar an IB léargas cuimsitheach ar na ceisteanna a mbeidh ar an Meitheal Forbartha breithniú a dhéanamh orthu. Aithnítear sa chuid seo den tuarascáil cuid de na príomhthorthaí d'athfhorbairt Ráiteas an Chláir Idirbhliana atá tar éis eascairt as an gcomhairliúchán.

Raon agus Nádúr Ráiteas an Chláir Idirbhliana

Is é an tátal ar ar thángthas le linn an chomhairliúcháin gur cheart go mbeadh forbairt iomlánaíoch an scoláire ag croílár an Ráitis Chlár IB leasaithe, agus go gcoimeádfaí an tsolúbthacht agus an tsaoirse a thagann leis na treoirlínte reatha. Ba cheart go dtabharfadh sé soiléireacht i dtaca le cad is Clár IB ann agus béim a leagan ar nádúr idirnasctha a chuid comhphárteanna. Ní mór go mbeifí meabhrach, mar sin de, i Ráiteas leasaithe Chlár IB, ar fhorbairt phearsanta iomlánaíoch an scoláire, go gcuimseodh sé bunús acadúil agus eispéiris ghairmiúla bhríocha agus go mbeadh, mar thaca faoi, straitéisí teagaisc, foghlama, measúnaithe agus tuairiscithe iomchuí agus pleanáil cláir fhianaise-bhunaithe.

Athbhreithnithe fianaise-bhunaithe ar chlár IB

Tarraingíodh aird le linn an chomhairliúcháin ar go leor de láidreachtaí agus laigí na IB. Nuair a dhéanann scoileanna athbhreithniú ar a gcláir, is féidir go mbeadh éagsúlachtaí ann i dtaca leis an bhfianaise a úsáidtear le breithmheas a dhéanamh ar a láidreachtaí agus laigí ó bhliain go bliain agus ó scoil go scoil. Bíonn réimse i gceist leis an bhfianaise seo ó leibhéal an mheasúnaithe ar fhoghlaim agus forbairt an scoláire i gcomhpháirt faoi leith go dtí éifeachtacht fhoriomlán chlár IB na scoile. Ní mór go mbeadh breithniú i Ráiteas leasaithe Chlár IB ar an dóigh is fearr ar féidir tacú le scoileanna ina bhféinmheastóireacht ar an IB agus mar a d'fhéadfadh scoileanna fianaise a bhailiú de, agus tuairisciú a dhéanamh ar, fhorbairt iomlánaíoch a gcuid scoláirí. Ní mór do Mheitheal Forbartha Ráiteas an Chláir IB breithniú a dhéanamh freisin ar an gcaoi a gcruthófaí comhionannas rochtana ar agus comhionannas deiseanna laistigh de gach clár IB le go mbeidh níos mó comhleanúnachais sa chlár ar bhonn náisiúnta.

Gairmoideachas

Chonacthas le linn an chomhairliúcháin fonn láidir i dtaca le feasacht scoláirí a fhorbairt san IB ar an éagsúlacht de chonairí atá ar fáil ón iar-bhunoideachas. Tuairiscíodh úsáid dhírith na náiseanna gairmthreorach mar chroí-chomhpháirt den ghairmoideachas ar fud na sraithe sinsearaí. Beidh ar Mheitheal Forbartha Ráiteas an Chláir IB breithniú a dhéanamh ar bhealaí a bhféadfadh scoláirí agus scoileanna rochtain a fháil ar fhaisnéis ar chonairí éagsúla agus malartacha, agus ar na bealaí a bhféadfadh na hearnálacha Breisoideachais agus Ardoideachais agus comhlachtaí fostaíochta tacú le cláir IB sa réimse seo. Ba ghá breithniú a dhéanamh ar threoir maidir leis an gcaoi a bhféadfaí eispéireas an ghairmoideachais a dhéanamh níos doichte comhsheasmhaí do scoileanna.

Leanúnachas, Dul chun cinn agus an chiall atá le hAistriú

Chonacthas le linn an chomhairliúcháin gur mhinic a mhúscaíl an focal 'Transition' nó 'Aistriú', i dteideal Béarla na hIdirbhliana (*Transition Year*) éagsúlacht de bhríonna i measc rannpháirtithe. I gcás roinnt daoine, is é an chiall a bhain siad as aistriú ná droichead d'fhoghlaim feabhsúcháin ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach mar gheall ar na heasnamh a bhraitear a bheith

ann. Cé gur mhúscail an t-aistriú smaointe i measc daoine eile maidir le spás do scoláirí chun tógáil ar an tacar scileanna a bhí acu ón tsraith shóisearach agus iad ag fáil blaiseadh ar thimpeallacht na sraithe sinsearaí gan an brú a bhaineann leis na scrúduithe deiridh. Faoi dheireadh, i gcás rannpháirtithe eile, chonacthas gurbh ionann an t-aistriú agus ullmhúchán don saol tar éis na sraithe sóisearaí, a bhféadfadh sé, nó nach bhféadfadh sé, rannpháirtíocht i gclár Ardteistiméireachta a bheith i gceist leis. Ag eascairt as an gcomhairliúchán, ní mór go gcuirfí i bhfriotal go soiléir i Ráiteas leasaithe Chlár IB fíis agus cuspóir na IB, lena n-áirítear an píosa a bhaineann leis an *aistriú*. D'fhéadfadh Meitheal Forbartha Ráiteas an Chláir IB breithniú a dhéanamh ar theimpléid mholta a chur ar fáil chun críche pleanála mar aon le treoir i dtaca leis na cleachtais is dóchúla a réadódh an fhís.

IB mar spreagthach don fhoghlaim

Chonacthas le linn an chomhairliúcháin go raibh claonadh ann, mar gheall ar neartú na gcaidreamh idir oideachasóirí agus scoláirí agus ar an méadú tuairiscithe ar aibíocht na scoláirí a bhíonn rannpháirteach san IB, gur cuireadh le hinspreagadh scoláirí ina gcláir Ardteistiméireachta. Tugadh faoi deara freisin gur féidir gur tréimhse dheacair oiriúnaithe do chuid mhaith scoláirí a bheadh san aistriú sa chéad chúpla mí den 5^ú bliain.

Le linn na gcuairteanna scoile, thuairiscigh múinteoirí a ghlac páirt san IB agus iad féin ina scoláirí, go raibh a gcuid eispéreas IB chomh claochlaitheach céanna i dtaca le hinspreagadh le staidéar a dhéanamh agus maidir lena rogha ghairme. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh i Ráiteas leasaithe Chlár IB ar ról na IB i dtaca leis na luachanna agus meonta a chothú a bhíonn ag teastáil le haghaidh foghlaim leantach sa tsraith shinsearach agus, ar bhonn níos leithne, le haghaidh foghlaim ar feadh an tsaoil, rud a bheadh ag teacht freisin le treoirphrionsabail sraith shinsearach athfhorbartha.

Scoláirí a chumasú trí chlár na hidirbhliana

Chonacthas le linn an chomhairliúcháin, as measc an réimse de rannpháirtithe, gur colún cumhachtaithe é ionchur an scoláire sa chlár IB ina scoil. Cé gur minic an fócas ar mheastóireacht an scoláire ar a chuid eispéreas, chuimsigh sí freisin gné éigin den fhéintuairisciú agus machnamh scoláire ar an socrú spriocanna. Bhain ionchur an scoláire freisin lena rogha i dtaca le cé acu a dhéanfaí an IB nó a leanfaidís ar aghaidh isteach sa 5^ú bliain, agus ní hé nach raibh aon bhaint aige seo le roinnt buarthaí maidir le hardú ar dhéimeagrafach aoise na bhfágálaithe scoile.

De bhreis ar ionchur an scoláire, chonacthas le linn an chomhairliúcháin gur rud cumhachtaithe é teastasú (inmheánach agus seachtrach) na gcomhpháirteanna agus gur mhinic a bhronntar cáilíochtaí agus aitheantas ar scoláirí a théann lastall den IB. Chonacthas freisin gur bealach amháin a bhí anseo chun cur i gcoinne braistintí den chlár IB mar bhliain neamhthorthúil agus cur amú ama i gcomparáid le clár Ardteistiméireachta tromchúiseach. D'fhéadfadh sé gur ghá bealaí a aimsiú, le Ráiteas leasaithe Chlár IB, chun dul i ngleic le cumhachtú scoláirí i réimsí amhail ionchur an scoláire, socrú spriocanna, agus cáilíochtaí agus scileanna a thugtar ar aghaidh lastall den IB.

Chun go n-éireoidh leis an gcur i bhfeidhm

Is é an tátal ar ar thángthas leis an gcomhairliúchán go bhféadfadh sé go mbeadh FGL níos spriocdhírthe ag teastáil chun tacú le rollú amach Ráiteas leasaithe Chlár IB. Labhair cleachtóirí freisin ar infhaighteacht acmhainní chun cabhrú leis an ngairmoideachas, tabhairt isteach comhpháirteanna úra IB agus na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le heispéiris IB a chur ar fáil.

Chonacthas le linn an chomhairliúcháin go bhféadfadh sé scoláirí a bheith éiginnte go minic faoi chuspóir na IB, agus gur mhinic a bhraith scoileanna nár dhochar tuismitheoirí a bheith níos eolasaí maidir lena dtacaíocht do spiorad agus cuspóir na IB. D'fhéadfadh sé, go minic, go mbraithfeadh scoileanna a ghlacann le haidhmeanna na dtreoirlínte reatha, go mbaineann scoileanna máguaird dá gcuid iarrachtaí má ghlacann na scoileanna sin leis an IB mar an tríú bliain de chlár Ardteistiméireachta. Ní mór cuspóir agus fíis na IB a bheith soiléir insroichte do gach páirtí leasmhar agus ní mór cur i bhfeidhm Ráiteas an Chláir Idirbhliana laistigh de scoileanna a bheith ailínithe le fíis na IB agus ní mór cuspóir na IB a chur in iúl do scoláirí agus tuismitheoirí agus iadsan an cuspóir sin a aithint.

Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

Ghin an comhairliúchán maidir le Cáipéis Eolais agus Treoir d'athbhreithniú agus leasú ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana plé saibhir agus fuarthas aiseolas úsáideach agus stuama ó pheirspictíochtaí éagsúla. Léirigh caighdeán na bhfreagraí ar an gcomhairliúchán agus na tuairimí agus moltaí stuama machnamhacha a tugadh a luachmhaire is atá an Idirbhliain, dar le rannpháirtithe an chomhairliúcháin.

Ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt sna fócasghrúpaí scoilbhunaithe, a chomhlánaigh an suirbhé ar líne, nó a scríobh aighneacht. Ar a bharr sin, tá CNCM an-bhuíoch de na ceannairí scoile agus comhordaitheoirí a d'éascaigh na fócasghrúpaí ina scoil agus díobh siúd ar fad a thacaigh le rannpháirtíocht scoláirí sa chomhairliúchán.

Tugadh léargas sa tuarascáil seo ar na tuairimí agus dearcthaí a léiríodh le linn an phróisis chomhairliúcháin. Tabharfaidh na torthaí a cuireadh i láthair sa tuarascáil seo treoir agus stiúir don Mheitheal Forbartha a tugadh le chéile le déanaí le tabhairt faoi Ráiteas Chlár IB úr. Leanfaidh an Mheitheal Forbartha dá cuid oibre, a mbeidh na torthaí a leagadh amach sa tuarascáil seo mar bhonn léi, agus síltear go mbeidh dréacht-Ráiteas Chlár IB ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí sa tríú ráithe de 2023.

Tagairtí

Roinn Oideachais [RO] (1993) [Clár na hIdirbhliana: Treoirínte do Scoileanna](#) Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais

An Roinn Oideachais agus Scileanna [ROS] (2015). [Creat don tSraith Shóisearach 2015](#) Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2019) [Straitéis Taighde](#)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2020) [Beartas Cosanta Sonraí](#)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, [CNCM] 2022 [Tuarascáil Chomhairleach maidir leis an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach](#). CNCM.

ECFE (2021) [Indicators of teenage career readiness: guidance for policy makers](#) ECFE Education Policy Perspectives, uimh. 43.

Fuarthas rochtain orthu seo go léir ar an 6 Eanáir 2023.


Aguisín A

Mar chuid den chomhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir don athbhreithniú agus leasú ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana, cheadaigh na heagrais seo a leanas go n-aithneofaí iad mar eagrais a d'fhreagair don suirbhé ar líne:

- Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath – BOOBÁC
- Localise Youth Volunteering
- Meánscoil Dheonach Mhuire
- Coláiste Naomh Aindriú, Baile an Bhóthair
- Pobalscoil Bhaile Átha Fhirdhia
- Pobalscoil an Mhóta
- Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí
- Nuálaithe Sóisialta Óga

Le linn an chomhairliúcháin, fuarthas ceithre aighneacht i scríbhinn agus is iad na heagrais a cheadaigh go n-aithneofaí iad sa tuarascáil ná:

- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)
- Nuálaithe Sóisialta Óga
- Líonra Proifisiúnta Múinteoirí na hIdirbhliana



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curacláim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment